



## 2. Cúige Uladh\_1

**Dáta an chláir:** 30.11.2008

**Amanna:** 22.55 – 28.22

**Eochair:** NÓM = Nollaig Ó Muraíle, MH = Mícheál Holmes

**Athscríobh:**

MH: Bhuel tá contaetha as Cúige Laighean, Cúige Chonnacht agus Cúige Mumhan mínithe aige ar an gclár. Bhuel seo anois againn Nollaig Ó Muraíle le...

NÓM: ...Cúige Uladh. Bhuel i dtosach 'Ulaidh' an tuiseal ainmneach iolra atá ansin agus ginideach 'Uladh', 'Cúige Uladh' tuiseal ginideach iolra, botún a dhéantar go rialta go gcuirtear iad droim ar ais, tarlaíonn sin go minic

Agus dála an scéil chuir an scoláire Mícheál Ó Briain an tuairim chun tosaigh na blianta ó shin go dtagann 'Ulaidh' ó fhocal sean-Ghaeilge 'ul' a chiallaigh féasóg ach ní fhéadfainn a rá go gcreidim é sin, gurb iad na hUltaigh amháin a bhí féasógach sa sean-am!

Anois na contaetha, ag tosú le **Aontroim**, seo ceann atá...fiú amháin an leagan Nua-Ghaeilge mícheart, míchruinn, ní 'Aontroim' ach 'Aontroimh', ba cheart go mbeadh an 'm' séimh agus is 'oen treb' sa tSean-Ghaeilge, an focal 'aon' agus 'treibh', ní 'treabhchas' ná 'tribe' ach áit chónaithe, is sin le rá áit chónaithe leis féin, b'fhéidir díseart nó díthreabh, áit éigin a bhí amuigh leis féin. Nuair a rinneadh Laidiniú air sin tháinig 'Antrima' nó 'Aontroma' as agus ón 'm' sin athghaelaíodh é mar 'Aontroim'

MH: Agus is éard atá i gceist go bunúsach leis ná teach atá amuigh leis féin in áit éicint, teach beag amháin leis féin?

NÓM: Sin é...ach tá sé an-sean, tá an chéad tagairt dó sa bhliain 613, tá sé an-ársa ar fad

Ansin **Ard Mhacha** a mhínítear i gcónaí mar thalamh ard a bhain leis an mbandia Macha nó banlaoch Ultach. Sin an míniú mar atá in **Eamhain Mhacha** freisin ag tagairt don bhean seo ach measann scoláirí áirithe nach bhfuil ansin ach cumadóireacht níos deireanaí, gurb é an focal macha, gur gnáth ainmfhocal a bhí ann i dtosach a chiallaíonn mórán an rud céanna a chiallaíonn machaire, talamh réidh, intreafa bheadh sé feiliúnach do...

MH: Bheifeá in ann é a chóiriú

NÓM: Go díreach sea, gurb in é an bunús atá leis agus gurb in atá mar shampla...

MH: Caighdeán ard ag baint leis an gcreafóg agus mar sin de

NÓM: Agus gurb í an mhír chéanna atá le fáil in **Coillte Mach** mar shampla, ach sin scéal eile

MH: Ansin ar aghaidh go dtí an chéad ainm eile **An Cabhán**, ainm contae atá réasúnta deireanach, an chéad tagairt dó go luath san 15ú aois, timpeall na bliana 1410. An focal 'cabhán' tá sé le fáil go háirithe i gCúige Uladh mar mhír i logainmneacha agus tá dhá bhrí leis agus tá sé seo cineál greannmhar: ceann amháin acu 'cnoc íseal' agus an ceann eile 'áit íseal' nó log sa talamh *concave versus convex* tá sé cosúil leis...

MH: Bain do mhíniú féin as!

NÓM: Sin é! Tá focal eile ann 'corr', **An Chorr Dhubh** nó a leithéid sin agus má fhéachann tú san fhoclóir déarfaidh sé 'a round hill' or 'a hollow' agus deireadh Seán Ó Donnabháin, an scoláire mór Gaeilge, "bíodh do rogha agat féin," féach ar an áit agus féach cé acu is feiliúnaí

MH: B'fhéidir gur cnocáinín agus b'fhéidir gur gleann beag atá ann

NÓM: Sin é, sea

MH: Bhuel, ní thógfá orthu é mar má bhreathnaíonn tú ar thimpeallacht agus ar **Chontae an Chabháin** ach go háirithe tá an oiread sin suas agus síos ag baint leis an gcontae

NÓM: I mbaile an Chabháin tá ísleán, ceart go leor, ar an mbealach isteach ó thaobh **Bhaile Átha Cliath** agus ansin tá an talamh réasúnta ard, an cheist cé acu díobh ar tagraíodh dó i dtosach

Ansin an chéad cheann eile, ceann de na logainmneacha is conspóidí ar bhealach, **Doire**. Tá an oiread sin



## 2. Cúige Uladh\_1

míreanna ag dul leis an ainm áirithe sin, **Doire Calgaigh** i dtosach, an chéad leagan a bhí air fadó, fadó agus 'doire' ar ndóigh áit a raibh crainnte darach. In áiteanna eile sa tír chiallaigh 'doire' ar ball díreach coill bheag de shórt ar bith agus faigheann tú dá bharr sin in áiteanna ainmneacha mar **Doire Darach** atá cineál amaideach, ach amháin, go dtí go dtuigeann tú go gciallaíonn 'doire' díreach 'coill' ach sa chás seo is doire ina raibh crainnte darach ag fás. 'Calgach' is dóigh gur ainm pearsanta a bhí ann sa chás sin. Ansin ar ndóigh ceanglaíodh ainm an naoimh, Colm Cille a bhunaigh an mhainistir ann, leis an áit níos deireanaí **Doire Cholm Cille** agus ar ndóigh nuair a thosaigh an phlandáil, thart faoin mbliain 1608, tugadh *Londonderry* air agus is cuimhin liom scoláire amháin a deireadh nár cheart a bheith ag clamhsán faoi *Londonderry* mar go raibh **Londain** gach pioc chomh ceilteach leis an bhfocal **Doire** agus chonaic mé uair nó dhó rudaí ar nós **Londaindoire** nó fiú amháin **Doirelondain** ach fágaimis an t-aighneas sin ar leataobh...

Meaitseáil na contaetha leis na mbríonna atá leo dar le Nollaig Ó Muraíle.

Contae	Brí
Aontroim	log íseal nó cnoc íseal
Ard Mhacha	coill darach
An Cabhán	áit chónaithe amháin amuigh leis féin
Doire	talamh ard a bhain leis an mbanríon Macha